# An Garda Síochána



Tá áthas ar an nGarda Síochána a fhógairt *Tuairisciú Ar Líne um Choireacht Fuath*a ar féidir teacht air ar www.garda.ie.

Más íospartach nó finné tú ar eachtra ina bhfuil aird láithreach ón nGarda Síochána ag teastáil - diailigh 999 nó 112 láithreach.

**Cad atá i gceist againn le Coireacht Fuatha?**

Bunaithe ar shainmhíniú an Gharda Síochána ar Choireacht Fuatha - d'fhéadfá a bheith i d'íospartach de Choireacht Fuath más rud é go ndearna cion coiriúil ort, cion cosúil le hIonsaí, Ciapadh nó Ord Poiblí agus creideann tú gur díríodh ort mar gheall ar d'aois bhraite, míchumas, cine, dath, náisiúntacht, eitneachas, reiligiún, claonadh gnéis nó inscne. Tugtar tréithe cosanta orthu seo.

**Cad atá i gceist againn le hEachtraí Fuatha?**

Ní cion coiriúil a bheidh i ngach tarlú a bhaineann le fuath. Glaoimid Eachtraí Fuatha Neamh-Choireachta orthu seo. D'fhéadfadh eachtraí leibhéil íseal Idirdhealaithe, Bulaíochta, Mí-úsáide Ar Líne nó Drochíde ó Bhéal a bheith san áireamh le heachtraí fuatha neamh-choireachta. Tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéanann tú Eachtraí Fuatha Neamh-Choireachta a thuairisciú dúinn freisin.

**Cad a tharlóidh mura bhfuil fianaise thacaíochta agam?**

Ná bíodh aon imní ort. Ní gá go mbeadh fianaise thacaíochta agat chun tuairisc a thabhairt dúinn agus níl tú ag gabháil ort féin aon bheart breise a dhéanamh, nuair a thuairiscíonn tú amhlaidh.

- Éistfimid leat agus le cad atá le rá agat.
- Déanfaimid an eachtra a thaifeadadh
- Déanfaimid na roghanna atá ar fáil a phlé leat agus tiocfaimid ar aontú ar an mbealach is fearr le dul ar aghaidh

**Cén fáth ar chóir Fuath a Thuairisciú?**

Cuideoidh Tuairisciú ar Choir Fuatha nó ar Eachtra Fuatha linn tuiscint a fháil ar an méid a tharla duit agus cén freagra a dteastaíonn uait. Cuirfidh sé in iúl dúinn freisin cá bhfuil na cineálacha eachtraí seo ag tarlú agus cé chomh minic. Cuideoidh sé seo linn daoine a choinneáil slán trí fhreagairt póilíneachta níos fearr a sholáthar.

**Lig do Choireacht Fuatha bheith Feiceálach - Déan í a Thuairisciú Inniu #LetsStopHateTogether**